C/2026/5191

8.10.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12618 — QVP / NEURON / ROBERT DYCZKOWSKI / BARTOLOMIEJ ROMANSKI / RTB)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/5191)

1. An 28 Meán Fómhair 2026 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— QVP II S.C.A ('QVP', Lucsamburg), faoi rialú Paweł Chodaczek, saoránach Polannach,

— Neuron HoldCo Limited ('Neuron', Geirsí), faoi rialú Cinven Limited ('Cinven', an Ríocht Aontaithe),

— RTB House HoldCo sp. z o.o. ('RTB', an Pholainn),

— Robert Dyczkowski, saoránach Polannach,

— Bartłomiej Romański, saoránach Polannach.

Gheobhaidh QVP, Neuron, Robert Dyczkowski agus Bartłomiej Romański rialú comhpháirteach ar RTB de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin conartha nó aon mhodh eile.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is meán infheistíochta é QVP atá faoi rialú Paweł Chodaczek, ar saoránach Polannach é, agus infheistíonn QVP i gcuideachtaí in earnálacha éagsúla, lena n-áirítear i gcuideachtaí teicneolaíochta,

— Is faoi rialú Cinven atá Neuron, ar gnólacht cothromais phríobháidigh é a bhíonn ag gabháil do sheirbhísí bainistíochta infheistíochta a sholáthar do roinnt chistí infheistíochta,

— Is soláthraí domhanda teicneolaíochta nuálaí é RTB a úsáidtear chun spás fógraíochta a cheannach i samhail an cheant tairisceana fíor-ama, a úsáideann algartaim domhainfhoghlama chun go mbeidh a chliaint in ann na feachtais fógraíochta digití ábhartha a chur ar fáil,

— Is saoránach Polannach é Robert Dyczkowski, duine de bhunaitheoirí RTB agus cathaoirleach bhord bainistíochta RTB,

— Is saoránach Polannach é Bartłomiej Romański, duine de bhunaitheoirí RTB agus comhalta de bhord bainistíochta RTB.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12618 — QVP / NEURON / ROBERT DYCZKOWSKI / BARTOLOMIEJ ROMANSKI / RTB

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË